Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2015**
**(OR. en)**

**5932/2/15**
**REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0024 (COD)**

**EF 25**
**ECOFIN 69**
**DROIPEN 13**
**CRIMORG 15**
**CODEC 141**
**PARLNAT 30**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006<br>- A ghlac an Chomhairle an 20 Aibreán 2015 |

**RIALACHÁN (AE) 2015/…**

**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí,**

**agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 166, 12.6.2013, lch.2.

[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2014 [(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil] agus Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 20 Aibreán 2015 [(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil].

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is féidir le hairgead a fuarthas go neamhdhleathach agus a dhéantar a sciúradh trí aistrithe cistí dochar a dhéanamh d'ionraiceas, do chobhsaíocht agus do chlú na hearnála airgeadais agus a bheith ina bhagairt ar mhargadh inmheánach an Aontais agus don fhorbairt idirnáisiúnta. Tá sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus coireacht eagraithe ina bhfadhbanna móra fós ar ceart aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí fóntacht, ionracas agus cobhsaíocht an chórais trína n-aistrítear cistí mar aon leis an muinín as an gcóras airgeadais sin ar fad a chur i mbaol de dheasca iarrachtaí ó choirpigh agus a gcomhpháirtithe bréagriocht a chur ar fhoinse a gcuid fáltas ó choireacht nó cistí a aistriú le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla nó chun críocha sceimhlitheoireachta.

(2) D'fhonn a gcuid gníomhaíochtaí coiriúla a éascú, is dóigh go ndéanfaidh lucht sciúrtha airgid agus maoinitheoirí sceimhlitheoireachta iarracht buntáiste a bhaint as an tsaoirse i ngluaiseachtaí caipitil laistigh de limistéar comhtháite airgeadais an Aontais, mura nglactar bearta comhordaithe áirithe ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm leis an gcomhar idirnáisiúnta faoi chuimse an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) agus le cur chun feidhme domhanda a chuid moltaí an sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc le linn cistí a aistriú.

(3) Mar gheall ar fhairsinge na gníomhaíochta a bheidh le déanamh, ba cheart go n-áiritheodh an tAontas go ndéanfaí na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Sciúradh Airgid agus maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta agus Maoiniú Leata a Chomhrac a ghlac FATF an 16 Feabhra 2012 ('Moltaí athbhreithnithe FATF') agus, go háirithe, Moladh 16 de chuid FATF maidir le haistrithe de dhroim sreinge ('Moladh 16 de chuid FATF'), agus an nóta léirithe athbhreithnithe maidir lena chur chun feidhme a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais agus, go háirithe, nach mbeidh aon idirdhealú nó neamhréiteach ann idir íocaíochtaí náisiúnta laistigh de Bhallstát, ar thaobh amháin, agus íocaíochtaí trasteorann idir Ballstáit, ar an taobh eile. Maidir le gníomhaíochtaí éagsúla neamh-chomhordaithe ag Ballstáit ag gníomhú uathu féin i réimse na n-aistrithe trasteorann cistí, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar fheidhmiú rianúil córas íocaíochta ar leibhéal an Aontais agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís dochar a dhéanamh don mhargadh inmheánach i réimse na seirbhísí airgeadais.

(4) D'fhonn cur chuige comhleanúnach a chothú sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus an éifeachtacht a fheabhsú maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart d'aon ghníomhaíocht bhreise ón Aontas aird a thabhairt ar fhorbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta, eadhon na Moltaí leasaithe de chuid FATF.

(5) Is modhanna ábhartha agus éifeachtacha iad cur chun feidhme agus forghníomhú an Rialacháin seo, lena n-áirítear Moladh 16 de chuid FATF, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac.

(6) Níl an Rialachán seo ceaptha chun ualaí nó costais nach bhfuil gá leo a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta ná ar dhaoine a úsáideann a gcuid seirbhísí. Maidir leis sin, ba cheart go mbeadh an cur chuige coisctheach spriocdhírithe agus comhréireach agus go ndéanfadh sé saorghluaiseacht an chaipitil, ar ní é a ráthaítear ar fud an Aontais, a chomhlíonadh go hiomlán.

(7) Taispeánadh i Straitéis Leasaithe an Aontais maidir le Maoiniú Sceimhlitheoireachta, an 17 Iúil 2008 ('An Straitéis Athbhreithnithe'), nach mór leanúint leis na hiarrachtaí chun maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus chun rialú a dhéanamh ar sceimhlitheoirí amhrasta d'úsáid a gcuid acmhainní féin. Aithnítear go bhfuil FATF de shíor ag iarraidh a Mholtaí a fheabhsú agus go bhfuil sé ag oibriú i dtreo comhthuisceana maidir leis an mbealach ina bhféadfar na Moltaí sin a chur i bhfeidhm. Tugtar dá n-aire i Straitéis Athbhreithnithe FATF Athbhreithnithe go ndéanann gach ball de FATF agus gach ball d'eagrais réigiúnacha atá ar aon stíl le FATF measúnú ar bhonn rialta ar chur chun feidhme na Moltaí Athbhreithnithe sin, agus go bhfuil cur chuige coiteann a bheith ag na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme tábhachtach dá bhrí sin.

(8) D'fhonn maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, rinneadh bearta arb e is cuspóir dóibh cistí agus acmhainní geilleagracha daoine, grúpaí agus eintiteas áirithe a chalcadh, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle[1], Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle[2] agus Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle[3]. Chun na críche céanna sin, rinneadh bearta eile arb e is cuspóir dóibh an córas airgeadais a chosaint i gcoinne aistriú cistí agus acmhainní geilleagracha chun críocha sceimhlitheoireachta freisin. Tá roinnt beart den sórt sin i dTreoir (AE) Uimhir 2015/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4*].Ní éiríonn go hiomlán leis na bearta sin, áfach, sceimhlitheoirí nó coirpigh eile a chosc ó rochtain a fháil ar chórais airgeadais chun a gcistí a aistriú.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintiteas áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 70).

2 Rialachán (CE) Uimh 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 ag forchur bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintiteas áirithe atá bainteach le gréasán Al-Qaida (IO L 139, 29.5.2002, lch. 9).

3 Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 maidir le bearta sriantacha sonracha a fhorchur, ar bearta iad atá dírithe i gcoinne daoine, eintiteas nó comhlachtaí nádúrtha nó dlíthiúla i bhfianaise an cháis sa tSomáil (IO L 105, 27.4.2010, lch. 1).

4 Treoir (AE) 2015/ …ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an …chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L …)

* IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025 agus comhlánaigh an fonóta thuas.

(9) Is féidir inrianaitheacht iomlán i ndáil le haistrithe cistí a bheith ina huirlis an-tábhachtach agus an-luachmhar chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú agus a bhrath, agus chun bearta sriantacha a chur chun feidhme, go háirithe na cinn a fhorchuirtear le Rialachán (AE) 2580/2001, le Rialachán (AE) 881/2002 agus le Rialachán (AE) 356/2010, agus na Rialacháin Aontais lena gcuirtear bearta den sórt sin chun feidhme á gcomhlíonadh ina n-iomláine. Dá bhrí sin, tá sé oiriúnach a áirithiú go dtarchuirfí faisnéis fad an tslabhra íocaíochta, foráil a dhéanamh maidir le córas lena gcuirtear ceangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta go ngabhfadh faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí le haistrithe cistí.

(10) Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do na bearta sriantacha a fhorchuirtear leis na Rialacháin a bhunaítear ar Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, amhail Rialachán (AE) 2580/2001, Rialachán (AE) 881/2002 agus Rialachán (AE) 356/2010, a fhéadann a cheangal go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta na n-íocóirí agus na n-íocaithe, chomh maith le soláthraithe seirbhíse íocaíochta idirghabhálacha, an beart iomchuí le cistí áirithe a chalcadh nó go gcomhlíonfaidh siad na srianta sonracha a bhaineann le cistí áirithe a aistriú.

(11) Ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo freisin gan dochar don reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a thrasuí. Mar shampla, níor cheart tuilleadh próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bailíodh chun críocha an Rialacháin seo ar bhealach nach mbeadh ag luí le Treoir 95/46/CE. Ba cheart, go háirithe, diantoirmeasc a chur ar phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha tráchtála. Aithníonn na Ballstáit go léir gur foras leasa phoiblí é an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Dá bhrí sin, agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ba cheart aistriú sonraí pearsanta go tríú tír nach n-áirithítear leibhéal leordhóthanach cosanta inti i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir 95/46/CE a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 26 de. Maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta a fheidhmíonn i roinnt dlínsí a bhfuil craobhacha nó fochuideachtaí acu atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, tá sé tábhachtach nach gcuirfí cosc orthu sonraí faoi idirbhearta amhrasacha laistigh den eagraíocht chéanna a aistriú, ar an gcoinníoll go gcuireann siad cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta an íocóra agus an íocaí agus ag na soláthraithe seirbhíse íocaíochta idirghabhálacha chun sonraí pearsanta a chosaint i gcoinne caillteanas tionóisceach, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe nó rochtain neamhúdaraithe.

(12) Maidir le daoine nach ndéanann ach doiciméid pháipéir a mhalartú ina sonraí leictreonacha agus ata ag gníomhú faoi chonradh le soláthraithe seirbhíse íocaíochta agus maidir le daoine nach gcuireann ach córais teachtaireachtaí nó córais tacaíochta eile chun cistí a tharchur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta nó a chuireann córais imréitigh agus socraíochta ar fáil dóibh, ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

---

[1] Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

(13) Maidir le haistrithe cistí a chomhfhreagraíonn do sheirbhísí dá dtagraítear i bpointí (a) go (m) agus i bpointe (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ní thagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Is iomchuí freisin aistrithe cistí ar beag an baol leo go ndéanfar airgead a sciúradh nó an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart go gcumhdófaí le heisiaimh den sórt sin cártaí íocaíochta, ionstraimí airgid leictreonaigh, fóin phóca nó feistí digiteacha nó teicneolaíochta faisnéise (TF) eile atá réamhíoctha nó iaríoctha a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, i gcás ina mbaintear feidhm astu go heisiach le hearraí nó seirbhísí a cheannach agus gabhann uimhir an chárta, na hionstraime nó na feiste le gach aistriú. Maidir le cárta íocaíochta, ionstraim airgid leictreonaigh, fón póca nó aon fheiste dhigiteach nó TF eile atá réamhíoctha nó iaríoctha a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, a úsáid chun aistriú cistí duine-go-duine a dhéanamh, tagann an méid sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo, áfach. Ina theannta sin, maidir le haistarraingtí ó Uathmheaisín Bainc (ATM), íocaíochtaí cánach, fíneálacha nó tobhaigh eile, aistrithe cistí a dhéantar trí íomhánna seice a mhalartú, lena n-áirítear seiceanna teasctha, nó billí malairte, agus aistrithe cistí nuair is soláthraithe seirbhíse íocaíochta iad an t-íocóir agus an t-íocaí araon ag feidhmiú thar a gceann féin, ba cheart iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

(14) D'fhonn léiriú a thabhairt ar shaintréithe na gcóras náisiúnta íocaíochta, ar choinníoll go bhfuil sé indéanta an t-aistriú cistí a rianú ar ais go dtí an t-íocóir i gcónaí, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann aistrithe cistí baile áirithe a bhfuil luach íseal ag gabháil leo, lena n-áirítear íocaíochtaí gíoró leictreonacha, a úsáidtear le hearraí nó seirbhísí a cheannach, a dhíolmhú ó raon feidhme an Rialacháin seo.

[1] Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO L 319, 5.12.2007, lch. 1).

(15) Ba cheart do na soláthraithe seirbhíse íocaíochta a áirithiú nach bhfuil an fhaisnéis faoin íocóir ná faoin íocaí ar iarraidh nó neamhiomlán.

(16) Ionas nach mbainfí ó éifeachtúlacht na gcóras íocaíochtaí, agus d'fhonn an riosca go mbrúfaí idirbhearta faoi thalamh de thoradh ceanglas aitheantais ródhian a chothromú leis an mbagairt fhéideartha sceimhlitheoireachta ó mhion-aistrithe cistí, níor cheart an oibleagáid maidir le cruinneas na faisnéise faoin íocóir nó faoin íocaí a sheiceáil a fhorchur, i gcás aistrithe cistí nár fíoraíodh fós, ach amháin i gcás aistrithe aonair cistí os cionn EUR 1 000, ach ba cheart an oibleagáid maidir le cruinneas na faisnéise faoin íocóir nó faoin íocaí a sheiceáil a fhorchur i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil an t-aistriú nasctha le haistrithe cistí eile a bheadh os cionn EUR 1 000 lena chéile, i gcás ina bhfuarthas na cistí nó inar íocadh amach iad in airgead tirim nó in airgead leictreonach gan ainm agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann d'amhras faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

(17) I gcás aistrithe cistí ó chuntas ina meastar fíorú a bheith déanta, níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí a ghabhann le gach aistriú cistí a fhíorú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar síos faoi Threoir (AE)/2015/….*

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

(18) I bhfianaise gníomhartha reachtacha an Aontais i dtaca le seirbhísí íocaíochta, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Treoir 2007/64/CE, ba cheart gur leor foráil a dhéanamh gur faisnéis shimplithe agus í sin amháin a bheadh i dteannta aistrithe cistí laistigh den Aontas, amhail an uimhir chuntais íocaíochta/na huimhreacha cuntais íocaíochta nó aitheantóir idirbhirt uathúil.

(19) Ionas go bhféadfaidh na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i dtríú tíortha foinse na gcistí a úsáidtear chun na gcríoch sin a rianú, ba cheart faisnéis iomlán faoin íocóir agus faoin íocaí a bheith ag gabháil le haistrithe cistí ón Aontas amach as an Aontas. Níor cheart rochtain ar fhaisnéis iomlán faoin íocóir ná faoin íocaí a thabhairt do na húdaráis sin ach amháin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú agus a bhrath.

(20) Údaráis Ballstáit atá freagrach as sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus na gníomhaireachtaí breithiúnacha ábhartha agus gníomhaireachtaí ábhartha um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit, ba cheart dóibh comhar a threisiú lena chéile agus le húdaráis ábhartha tríú tíortha, lena n-áirítear i dtíortha i mbéal a bhforbartha, d'fhonn an trédhearcacht, roinnt na faisnéise agus na cleachtais is fearr a neartú tuilleadh.

1 Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 *(IO L 266, 9.10.2009, lch. 11)*.

2 Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 *(IO L 94, 30.3.2012, lch. 22)*.

(21) A mhéid a bhaineann le haistrithe cistí ó íocóir aonair chuig roinnt íocaithe a chuirfear i mbaisc chomhaid ina mbeidh aistrithe aonair ón Aontas go lasmuigh den Aontas, ba cheart foráil a dhéanamh chun nach mbeidh ach uimhir chuntais íocaíochta an íocaí nó an t-aitheantóir idirbhirt uathúil ar aistrithe aonair mar sin, chomh maith leis an bhfaisnéis iomlán maidir leis an íocaí, ar an gcoinníoll go mbeidh an fhaisnéis iomlán maidir leis an íocaí sa bhaisc chomhaid a fhíorófar le haghaidh cruinnis agus go mbeidh an fhaisnéis iomlán maidir leis an íocaí iomlán inrianaithe.

(22) Ar mhaithe le seiceáil an bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir agus faoin íocaí ag gabháil le haistrithe cistí, agus mar chuidiú le hidirbhearta amhrasacha a aithint, ba cheart go mbeadh nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm ag soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí agus ag an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach chun a bhrath an bhfuil faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí in easnamh nó neamhiomlán. Ba cheart iarfhaireachán nó faireachán fíor-ama a áireamh ar na nósanna imeachta sin i gcás inarb iomchuí. Ba cheart, dá bhrí sin, do na húdaráis inniúla a áirithiú go n-áireoidh na soláthraithe seirbhíse íocaíochta an fhaisnéis idirbhirt a cheanglaítear leis an aistriú de dhroim sreinge nó leis an teachtaireacht lena mbaineann fad an tslabhra íocaíochta.

(23) I bhfianaise na bagartha ionchasaí atá ag baint le haistrithe anaithnide go bhféadfar airgead a sciúradh agus an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, is iomchuí a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a iarraidh. I gcomhréir leis an gcur chuige riosca-bhunaithe arna fhorbairt ag FATF, is iomchuí na réimsí lena mbaineann an riosca is mó agus lena mbaineann an riosca is ísle a shainaithint, d'fhonn díriú níos fearr ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh nósanna imeachta éifeachtacha agus riosca-bhunaithe ag soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra agus ag soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach a bhfuil feidhm acu i gcás ina mbeadh an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir nó faoin íocaí in easnamh, chun go ligfí dóibh a chinneadh arbh fhearr an t-aistriú sin a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí agus go ligfí dóibh a chinneadh cén ghníomhaíocht leantach oiriúnach a bheadh le déanamh.

(24) Ba cheart do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí agus don soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach faireachas speisialta a dhéanamh, mar aon le measúnú ar na rioscaí, nuair a thuigtear do cheachtar acu go bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí ar iarraidh nó neamhiomlán agus ba cheart dóibh idirbhearta amhrasacha a thuairisciú do na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis na hoibleagáidí um thuairisciú atá leagtha amach i dTreoir (AE) 2015/....* agus le bearta náisiúnta lena ndéantar an Treoir sin a thrasuí.

(25) Ba cheart go mbeadh feidhm leis na forálacha ar aistrithe cistí a bhfuil faisnéis ina leith faoin íocóir nó faoin íocaí ar iarraidh nó neamhiomlán gan dochar d'aon oibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta agus ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta idirghabhálacha aon aistrithe cistí a fhionraí agus/nó a dhiúltú má sháraíonn siad foráil de chuid an dlí shibhialta, riaracháin nó choiriúil.

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

(26) D'fhonn cabhrú le soláthraithe seirbhíse íocaíochta nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun cásanna a bhrath ina bhfaigheann siad aistrithe cistí ina bhfuil faisnéis in easnamh nó ina bhfuil faisnéis neamhiomlán faoin íocóir nó faoin íocaí agus chun gníomhaíochtaí leantacha a dhéanamh, ba cheart go ndéanfadh an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) ( 'ÚBE' ), a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) ( 'ÚEÁPC' ), a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) ( ÚEUM) anseo feasta, a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], treoirlínte a fhoilsiú.

(27) Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta freagairt go pras d'aon iarratais ar fhaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí ó na húdaráis atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac sa Bhallstát ina bhfuil na soláthraithe seirbhíse íocaíochta sin bunaithe d'fhonn beart sciobtha a dhéanamh sa troid in aghaidh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(28) Is é an líon laethanta oibre i mBallstát soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra a chinneann líon na laethanta atá ann le freagairt a thabhairt ar iarratais ar fhaisnéis faoin íocóir.

(29) Ós rud é go bhféadfadh sé, i gcás imscrúduithe coiriúla, nach mbeifear in ann na sonraí ná na daoine lena mbaineann in idirbheart a shainaithint go ceann míonna, nó blianta fiú, tar éis an aistrithe bhunaidh cistí, agus ionas go mbeifí in ann rochtain a fháil ar an bhfianaise a cheanglaítear i gcomhthéacs imscrúduithe, is iomchuí a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta taifid a choimeád ar fhaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí go ceann tréimhse ama, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú agus a bhrath. Ba cheart nach rachadh an tréimhse sin thar cúig bliana, agus ba cheart go scriosfaí na sonraí pearsanta uile ina dhiaidh sin, mura bhforáiltear a mhalairt sa dlí náisiúnta. Más gá chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus tar éis measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an mbeart agus ar chomhréireacht an bhirt, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a cheadú nó a cheangal go leanfaí de na taifid a choinneáil go ceann tréimhse bhreise nach faide ná cúig bliana, gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus i ndáil le himeachtaí dlíthiúla leanúnacha.

(30) Chun comhlíonadh ceanglais an Rialacháin seo a mhéadú agus i gcomhréir le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010 dar teideal 'Atreisiú córas smachtbhannaí in earnáil na seirbhísí airgeadais', ba cheart go bhfeabhsófaí an chumhacht chun bearta maoirseachta a ghlacadh agus na cumhachtaí atá ag na húdaráis inniúla chun smachtbhannaí a fhorchur. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin, ag cur san áireamh a thábhachtaí is atá an comhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart do Bhallstáit smachtbhannaí agus bearta a leagan síos atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt ina leith don Choimisiún agus do Chomhchoiste ÚBE, do ÚEÁPC agus do ÚEUM (na ÚEManna).

(31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Caibidil V den Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

1 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(32) Tá roinnt tíortha agus críoch nach bhfuil ina gcuid de chríoch an Aontais ach atá in aontas airgeadaíochta le Ballstát, mar chuid de limistéar airgeadra Ballstáit nó a bhfuil coinbhinsiún airgeadaíochta sínithe acu leis an Aontas a ndéanann Ballstát ionadaíocht air, agus a bhfuil soláthraithe seirbhíse íocaíochta a bhíonn rannpháirteach go díreach nó go hindíreach i gcórais íocaíochta agus socraíochta sa Bhallstát sin. Ionas nach mbeidh mórthionchar diúltach ar gheilleagair na dtíortha nó na gcríoch sin i ngeall ar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le haistrithe cistí idir na Ballstáit lena mbaineann agus na tíortha agus críocha sin, is iomchuí foráil a dhéanamh go bhféadfaí caitheamh le haistrithe cistí den chineál sin mar aistrithe cistí laistigh de na Ballstáit lena mbaineann.

(33) I bhfianaise líon na leasuithe a theastódh ar Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] de bhun an Rialacháin seo, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm, ar mhaithe le soiléire.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 maidir le faisnéis faoin íocóir a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 345, 8.12.2006, lch. 1).

(35) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a dtugtar aitheantas dóibh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47) agus prionsabal *ne bis in idem*.

(36) Chun tabhairt isteach rianúil an chreata nua i gcoinne sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a áirithiú, is iomchuí gurb ionann dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an spriocdháta do thrasuí Threoir (AE) 2015/…*.

(37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], agus thug sé tuairim uaidh an 4 Iúil 2013[2],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

1 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

2 IO C 32, 4.2.2014, lch. 9.

# CAIBIDIL I

# ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Leagtar síos rialacha leis an Rialachán seo maidir le faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a ghabhann le haistriú cistí, in aon airgeadra, chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a imscrúdú agus a bhrath, i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na soláthraithe seirbhíse íocaíochta a bhfuil baint acu le haistriú cistí bunaithe san Aontas.

*Airteagal 2*

*Raon feidhme*

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistrithe cistí, in aon airgeadra, a sheolfaidh nó a gheobhaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta nó soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach atá bunaithe san Aontas.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na seirbhísí a liostaítear i bpointe (a) go (m) nó (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2007/64/CE.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haistrithe cistí a dhéantar le cárta íocaíochta, le hionstraim airgid leictreonaigh, ná le haon fón póca ná feiste dhigiteach ná teicneolaíochta faisnéise eile, atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) úsáidtear an cárta, an ionstraim nó an fheiste sin go heisiach chun íoc as earraí nó seirbhísí; agus

(b) gabhann uimhir an chárta, na hionstraime nó na feiste thuasluaite le gach aistriú a thiocfaidh ón idirbheart.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo, áfach, i gcás ina n-úsáidtear cárta íocaíochta, ionstraim airgid leictreonaigh nó fón póca, nó aon fheiste dhigiteach nó teicneolaíochta faisnéise eile atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu chun aistriú cistí ó dhuine go duine a dhéanamh.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le daoine nach bhfuil aon ghníomhaíocht ar bun acu seachas doiciméid pháipéir a iompú ina sonraí leictreonacha agus a dhéanann amhlaidh de bhun chonradh le soláthraí seirbhíse íocaíochta ná maidir le daoine arb í an aon ghníomhaíocht atá ar bun acu córais teachtaireachtaí nó córais tacaíochta eile chun cistí a tharchur nó córais imréitigh agus socraíochta a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta.

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na haistrithe cistí seo a leanas:

(a) aistrithe cistí lena ndéanann an t-íocóir airgead tirim a aistharraingt óna c(h)untas íocaíochta féin;

(b) aistrithe cistí lena ndéantar cistí a aistriú chuig údarás poiblí mar íocaíocht ar chánacha, ar fhíneálacha nó ar thobhaigh eile laistigh de Bhallstát;

(c) aistrithe cistí i gcás inar soláthraithe seirbhíse íocaíochta iad an t-íocóir agus an t-íocaí araon atá ag gníomhú thar a gceann féin;

(d) aistrithe cistí a dhéantar trí íomhánna seice a mhalartú, lena n-áirítear seiceanna teasctha.

5. Féadfaidh Ballstát a chinneadh gan an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar aistrithe cistí laistigh dá chríoch chuig cuntas íocaíochta íocóra lena gceadófar íocaíocht go heisiach chun earraí nó seirbhísí a sholáthar i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí faoi réir Threoir (AE/2015/…*;

(b) tá soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí in ann, trí bhíthin aitheantóir idirbhirt uathúil, an t-aistriú cistí ón duine a bhfuil comhaontú aige leis an íocaí chun earraí nó seirbhísí a sholáthar, a rianú siar tríd an íocaí;

(c ) ní mó méid an aistrithe cistí ná EUR 1 000.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'maoiniú sceimhlitheoireachta' maoiniú sceimhlitheoireachta mar a shainmhínítear é in Airteagal 1(4) de Threoir (AE) Uimh 2015/…*;

---

* IO cuir isteach, le do thoil, uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

(2) ciallaíonn 'sciúradh airgid' na gníomhaíochtaí sciúrtha airgid dá dtagraítear in Airteagal 1(3) nó (4) de Threoir (AE) 2015/…[*];

(3) ciallaíonn 'íocóir' duine ag a bhfuil cuntas íocaíochta agus a cheadaíonn aistriú cistí ón gcuntas íocaíochta sin, nó, i gcás nach bhfuil cuntas íocaíochta ann, duine a thugann ordú aistrithe cistí;

(4) ciallaíonn 'íocaí' duine atá ceaptha cistí aistrithe a fháil;

(5) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse íocaíochta' na catagóirí soláthraí seirbhíse íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir 2007/64/CE, daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thairbhíonn de tharscaoileadh de bhun Airteagal 26 den Treoir sin agus daoine dlítheanacha a thairbhíonn den tarscaoileadh faoi Airteagal 9 de Threoir 2009/110/CE, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], lena gcuirtear seirbhísí aistrithe cistí ar fáil;

(6) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach' soláthraí seirbhíse íocaíochta, nach soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra ná an íocaí é, a fhaigheann agus a sheachadann aistriú cistí thar ceann sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí nó thar ceann soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach eile;

---

[*] IO cuir isteach, le do thoil, uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025

[1] Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid gh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

(7) ciallaíonn 'cuntas íocaíochta' cuntas íocaíochta mar a shainmhínítear é iad i bpointe (14) d'Airteagal 4 de Threoir 2007/64/CE;

(8) ciallaíonn 'cistí' cistí mar a shainmhínítear iad i bpointe (15) d'Airteagal 4 de Threoir 2007/64/CE;

(9) ciallaíonn 'aistriú cistí' aon idirbheart a dhéantar ar a laghad go páirteach trí mhodhanna leictreonacha thar ceann íocóra trí sholáthraí seirbhíse íocaíochta, d'fhonn cistí a chur ar fáil d'íocaí trí sholáthraí seirbhíse íocaíochta, beag beann arb é an t-íocóir agus an t-íocaí an duine céanna agus beag beann arb é soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra agus soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí an duine céanna, lena n-áirítear:

(a) aistriú creidmheasa mar atá sainmhínithe i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012;

(b) dochar díreach, mar a shainítear iad i bpointe (2) Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012;

(c) seoltán airgid mar a shainmhínítear iad i bpointe (13) d'Airteagal 4 de Threoir 2007/64/CE, cibé an seoltán náisiúnta nó trasteorann é;

(d) aistriú cistí a dhéantar le cárta íocaíochta, le hionstraim airgid leictreonaigh, nó le fón póca, nó le feiste dhigiteach nó teicneolaíochta faisnéise (TF) eile, atá réamhíoctha nó iaríoctha agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu;

(10) ciallaíonn 'aistriú baisc-chomhaid' beart aistrithe éagsúla aonair cistí arna gcur le chéile le haghaidh seachadadh;

(11) ciallaíonn 'aitheantóir idirbhirt uathúil' meascán de litreacha, d'uimhreacha nó de shiombailí arna chinneadh ag an soláthraí seirbhíse íocaíochta, i gcomhréir le prótacail na gcóras socraíochta agus íocaíochta nó na gcóras teachtaireachtaí a úsáidtear chun na cistí a aisitriú, lenar féidir an t-idirbheart a rianú siar go dtí an t-íocóir agus an t-íocaí;

(12) ciallaíonn 'aistriú cistí ó dhuine go duine' idirbheart idir daoine nádúrtha, ag gníomhú dóibh mar thomhaltóirí, chun críocha eile seachas trádáil, gnó nó gairm bheatha.

# CAIBIDIL II
# OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE ÍOCAÍOCHTA

## ROINN 1
## OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE ÍOCAÍOCHTA AN ÍOCÓRA

*Airteagal 4*

*Faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí*

1. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir leis na haistrithe cistí:

(a) ainm an íocóra;

(b) uimhir chuntais íocaíochta an íocóra; agus

(c) seoladh, uimhir dhoiciméad phearsanta oifigiúil, uimhir aitheantais chustaiméara, nó áit bhreithe agus dáta breithe an íocóra.

2. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra go ngabhfaidh an fhaisnéis seo a leanas faoin íocaí le haistrithe cistí:

(a) ainm an íocaí; agus

(b) uimhir chuntais íocaíochta an íocaí.

3. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 1 agus phointe (b) de mhír 2, i gcás aistrithe nach ndéantar ó chuntas nó chuig cuntas íocaíochta, áiritheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí go bhfuil aitheantóir idirbhirt uathúil ag gabháil leis an aistriú cistí in ionad uimhir (uimhreacha) an chuntais íocaíochta.

4. Sula n-aistreoidh sé na cistí, áiritheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra beachtas na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a fuarthas ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách.

5. Measfar an fíorú dá dtagraítear i mír 4 a bheith déanta sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil céannacht íocóra fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) Uimh.../2015 * agus go bhfuil an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin stóráilte i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin; nó

(b) i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir 2015/…* maidir leis an íocóir.

---

* IO cuir isteach, le do thoil, uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

6. Gan dochar do na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus Airteagal 6, ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra aon aistriú cistí sula ndéantar a áirithiú go bhfuil oibleagáidí a leagtar síos an Airteagail seo á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

*Airteagal 5*

*Aistrithe cistí laistigh den Aontas*

1. De mhaolú ar Airteagal 4(1) agus (2), i gcás ina bhfuil na soláthraithe seirbhíse íocaíochta uile a bhfuil baint acu leis an slabhra íocaíochta bunaithe san Aontas, beidh uimhir chuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí araon, nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil, ar a laghad, ag gabháil leis an aistriú cistí gan dochar, i gcás inarb infheidhme, do na ceanglais faisnéise a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh 260/2012.

2. D'ainneoin mhír 1, déanfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra, laistigh de thrí lá oibre ó iarraidh ar fhaisnéis a fháil, ar iarraidh ó sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí nó ón soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach, an méid seo a leanas a chur ar fáil:

(a) le haghaidh aistrithe cistí ar mó ná EUR 1 000 iad, cibé an ndéantar na haistrithe sin in idirbheart aonair nó i roinnt idirbheart a dhealraíonn a bheith nasctha le chéile, an fhaisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí i gcomhréir le hAirteagal 4,

(b) d'aistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus a dhealraíonn a bheith nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad, agus an t-aistriú i dtrácht san áireamh, ar a laghad:

(i) ainmneacha an íocóra agus an íocaí; agus

(ii) uimhreacha cuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil.

3. De mhaolú ar Airteagal 4(4), i gcás aistrithe cistí dá dtagraítear i mír 2(b) den Airteagal seo, ní gá do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra an fhaisnéis a fhíorú, ar faisnéis í a bhaineann leis an íocóir, ach amháin:

(a) i gcás ina mbeidh na cistí atá le haistriú faighte ag soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil amhras ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

*Airteagal 6*

*Aistrithe cistí amach as an Aontas*

1. Maidir le haistriú baisc-chomhaid ó íocóir aonair i gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhíse íocaíochta na n-íocaithe bunaithe lasmuigh den Aontas, ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1) maidir leis na haistrithe aonair cuachta le chéile iontu, ar choinníoll go bhfuil san aistriú baisc-chomhaid an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4 (1), (2) agus (3), gur fíoraíodh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus (5), agus go bhfuil uimhir chuntais íocaíochta an íocóra nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), go bhfuil an t-aitheantóir idirbhirt uathúil ar na haistrithe aonair.

2. De mhaolú ar Airteagal 4(1), agus, i gcás inarb iomchuí, gan dochar don fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, is é a bheidh ag gabháil le haistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus a dhealraíonn nach bhfuil siad nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad agus an t-aistriú i dtrácht san áireamh, an méid seo a leanas ar laghad:

   (a) ainmneacha an íocóra agus an íocaí; agus

   (b) uimhreacha cuntais íocaíochta an íocóra agus an íocaí nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 4(3), an t-aitheantóir idirbhirt uathúil.

De mhaolú ar Airteagal 4(4), ní gá do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo a bhaineann leis an íocóir, a fhíorú ach amháin:

(a) i gcás ina mbeidh na cistí atá le haistriú faighte ag soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil amhras ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

## ROINN 2
## OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSE ÍOCAÍOCHTA AN ÍOCÓRA

*Airteagal 7*

*Faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá ar iarraidh a bhrath*

1. Cuirfidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme le brath an bhfuil na réimsí a bhaineann leis an bhfaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí sa chóras teachtaireachtaí nó sa chóras íocaíochta agus socraíochta a úsáidtear chun na cistí a aistriú, líonta isteach agus carachtair nó ionchuir atá inghlactha i gcomhréir le cleachtais an chórais sin.

2. Cuirfidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, faireachán ex-post nó faireachán fíor-ama, chun a bhrath má tá an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir agus faoin íocaí ar iarraidh:

(a) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra bunaithe san Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear inAirteagal 5;

(b) le haghaidh aistrithe cistí i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2).

(c) le haghaidh aistrithe baisc-chomhaid i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) i leith an aistrithe baisc-chomhaid sin.

3. I gcás aistrithe cistí ar mó ná EUR 1 000 iad, cibé an ndéantar na haistrithe sin in idirbheart aonair nó i roinnt idirbheart a dhealraíonn a bheith nasctha le chéile, sula ndéanfaidh sé iad a chur do shochar chuntas íocaíochta an íocaí nó na cistí a chur ar fáil don íocaí, déanfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí cruinneas na faisnéise dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhaineann leis an íocaí, a fhíorú ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a bheidh faighte ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách, gan dochar do na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 69 agus in Airteagal 70 de Threoir 2007/64/CE.

4. I gcás aistrithe cistí nach mó ná EUR 1 000 agus a dhealraíonn nach bhfuil siad nasctha le haistrithe cistí eile, ar mó ná EUR 1 000 iad agus an t-aistriú i dtrácht san áireamh, ní gá do sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí cruinneas na faisnéise a bhaineann leis an íocaí a fhíorú, ach amháin:

(a) i gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí na cistí a íoc amach in airgead tirim nó in airgead leictreonach anaithnid; nó

(b) i gcás ina bhfuil amhras ar sholáthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta ag tarlú.

5. Measfar an fíorú dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 a bheith déanta:

(a) i gcás ina bhfuil céannacht íocaí fíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir (AE) . 2015/…* agus go bhfuil an fhaisnéis atá faighte de bhun an fhíoraithe sin stóráilte i gcomhréir le hAirteagal 40 den Treoir sin; nó

(b) i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 14(5) de Threoir (AE) 2015/…* maidir leis an íocaí.

---

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

*Airteagal 8*

*Aistrithe cistí ina bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí ar iarraidh nó neamhiomlán*

1. Cuirfidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe ar an riosca chun feidhme, lena n-áirítear nósanna imeachta atá riosca-íogair dá dtagraítear in Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/…[*], chun a chinneadh an ndéanfaidh sé aistriú cistí nach bhfuil an fhaisnéis iomlán a cheanglaítear faoin íocóir agus faoin íocaí leis a fhorghníomhú, a dhiúltú nó a fhionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a ghlacadh.

   I gcás ina bhfaigheann soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí amach, agus é ag fáil aistrithe cistí, go bhfuil an fhaisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2), Airteagal 5(1) agus Airteagal 6 ar iarraidh nó neamhiomlán, nó nach bhfuil sí líonta isteach agus na carachtair nó na hionchuir atá inghlactha faoi chleachtais an chórais teachtaireachtaí nó an chórais íocaíochta agus socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1), diúltóidh sé don aistriú nó iarrfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir agus faoin íocaí, sula ndéanfaidh sé na cistí a chur do shochar chuntas íocaíochta an íocaí nó na cistí a chur ar fáil don íocaí, ar bhonn riosca-íogair.

2. I gcás ina mainníonn soláthraí seirbhíse íocaíochta arís agus arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí a sholáthar, déanfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí bearta, agus d'fhéadfaí a áireamh air sin ar dtús rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndiúltóidh sé aon aistrithe cistí ina dhiaidh sin ón soláthraí seirbhíse íocaíochta sin nó sula ndéanfaidh sé a chaidreamh gnó leis an soláthraí seirbhíse íocaíochta a shrianadh nó a fhoirceannadh.

---

[*] IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

Tabharfaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí tuairisc faoin mhainneachtain sin, agus faoi na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maoiniúcháin maidir le frith-sciúradh airgid agus maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht.

*Airteagal 9*

*Measúnú agus tuairisciú*

Cuirfidh soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocaí faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá ar iarraidh nó neamhiomlán san áireamh le linn dó measúnú á dhéanamh an bhfuil aistriú cistí, nó aon idirbheart lena mbaineann, amhrasach, agus an bhfuil sé le tuairisciú don Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA) i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/…[*] .

## ROINN 3
## OIBLEAGÁIDÍ AR SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE ÍOCAÍOCHTA IDIRGHABHÁLACHA

*Airteagal 10*

*Faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí a choinneáil leis an aistriú*

Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta idirghabhálacha go gcoinneofar an fhaisnéis ar fad a fuarthas faoin íocóir agus faoin íocaí a ghabhann le haistriú cistí leis an aistriú.

[*] IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

*Airteagal 11*

*Faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí atá ar iarraidh a bhrath*

1. Déanfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha a chur chun feidhme le brath an bhfuil na réimsí a bhaineann leis an bhfaisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí sa teachtaireacht nó sa chóras íocaíochta agus socraíochta a úsáidtear chun na cistí a aistriú líonta isteach agus carachtair nó ionchuir atá inghlactha i gcomhréir le cleachtais an chórais sin in úsáid.

2. Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha chun feidhme, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, faireachán ex-post nó faireachán fíor-ama, chun a bhrath má tá an fhaisnéis seo a leanas faoin íocóir nó faoin íocaí ar iarraidh:

   (a) le haghaidh aistrithe cistí, i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra agus an íocaí bunaithe san Aontas, an fhaisnéis a dá dtagraítear in Airteagal 5;

   (b) le haghaidh aistrithe cistí, i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2);

   (c) le haghaidh aistrithe baisc-chomhaid, i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhíse íocaíochta an íocóra nó an íocaí bunaithe lasmuigh den Aontas, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) i leith an aistrithe baisc-chomhaid sin.

*Airteagal 12*

*Aistrithe cistí ina bhfuil faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí ar iarraidh*

1. Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe i bhfeidhm atá bunaithe ar an riosca chun a chinneadh aistriú cistí nach bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir agus faoin íocaí leis a fhorghníomhiú, a dhiúltú nó a fhionraí agus chun an ghníomhaíocht leantach iomchuí a ghlacadh.

 I gcás ina bhfaigheann an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach amach, agus é ag fáil aistrithe cistí, go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó (2), Airteagal 5(1) nó Airteagal 6 ar iarraidh, nó nach bhfuil sí líonta isteach agus carachtair nó ionchuir atá inghlactha i gcomhréir le cleachtais an chórais teachtaireachtaí nó an chórais íocaíochta agus socraíochta dá dtagraítear in Airteagal 7(1) in úsáid, diúltóidh sé don aistriú nó iarrfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir agus faoin íocaí, sula ndéantar tarchur aistriú na gcistí nó ina dhiaidh sin, ar bhonn riosca-íogair.

2. I gcás ina mainníonn soláthraí seirbhíse íocaíochta arís is arís eile an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin íocóir nó faoin íocaí a sholáthar, glacfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach bearta, agus d'fhéadfaí a áireamh ar na chéadbhearta sin rabhaidh a eisiúint agus sprioc-amanna a shocrú, sula ndiúltóidh sé aon aistriú cistí ina dhiaidh sin ón soláthraí seirbhíse íocaíochta sin nó sula ndéanfaidh sé a chaidreamh gnó leis an soláthraí seirbhíse íocaíochta a shrianadh nó a fhoirceannadh.

 Tabharfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach tuairisc faoin mainneachtain sin, agus na bearta a rinneadh, don údarás inniúil atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh forálacha maoiniúcháin maidir le frith-sciúradh airgid agus leis an bhfrithsceimhlitheoireacht.

*Airteagal 13*

*Measúnú agus tuairisciú*

Cuirfidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach faisnéis faoin íocóir nó faoin íocaí atá ar iarraidh san áireamh le linn dó measúnú á dhéanamh an bhfuil aistriú cistí, nó aon idirbheart lena mbaineann, amhrasach, agus an bhfuil sí le tuairisciú do AFA i gcomhréir le Treoir (AE) . 2015/…[*] .

# CAIBIDIL III

# FAISNÉIS, COSAINT SONRAÍ, AGUS TAIFID A CHOIMEÁD

*Airteagal 14*

*Faisnéis a chur ar fáil*

Freagróidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta go hiomlán agus gan mhoill, lena n-áirítear trí phointe teagmhála lárnach i gcomhréir le hAirteagal 45(9) de Threoir (AE) Uimh. .../2015[*] i gcás inar ceapadh pointe teagmhála den sórt sin, agus i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta atá leagtha síos i ndlí náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe, d'fhiosrúcháin a thig go heisiach ó údaráis an Bhallstáit sin atá freagrach as sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a sholáthar faoin Rialachán seo.

[*] IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach ar bhonn COD 2013/0025**.**

*Airteagal 15*

*Sonraí a chosaint*

1. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Threoir 95/46/CE, faoi mar a thrasuitear í isteach sa dlí nisiúnta. Maidir le sonraí pearsanta a phróiseálann an Coimisiún nó na ÚEManna de bhun an Rialacháin seo, tá siad faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn an Rialacháin seo ach amháin chun críocha cosc a chur ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach nach bhfuil ag luí leis na críocha sin. Toirmeascfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn an Rialacháin seo chun críocha tráchtála.

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar de bhun Airteagal 10 de Threoir 95/46/CE a chur ar fáil do chliaint nua sula mbunófar caidreamh gnó nó sula ndéanfar idirbheart ócáideach. Áireofar ar an bhfaisnéis sin, go háirithe, fógra ginearálta faoi na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faoin Rialachán seo agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu chun críocha cosc a chur ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta.

4. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta go n-urramófar rúndacht na sonraí a phróiseáltar.

*Airteagal 16*

*Taifid a choimeád*

1. Ní dhéanfar faisnéis faoin íocóir ná faoin íocaí a choinneáil níos faide ná mar is gá leis. Coinneoidh soláthraíthe seirbhíse íocaíochta an íocóra agus an íocaí taifid den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 4 go 7 ar feadh thréimhse chúig bliana.

2. Ar dhul in éag don tréimhse coinneála dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go ndéantar na sonraí pearsanta a scriosadh, mura bhforáiltear a mhalairt sa dlí náisiúnta, arb é an dlí é lena gcinnfear na cúinsí faoina bhféadfaidh soláththraithe seirbhíse íocaíochta na sonraí a choinneáil tuilleadh nó faoina ndéanfaidh siad na sonraí a choinneáil tuilleadh. Ní fhéadfaidh na Ballstáit tréimhse coinneála níos faide a cheadú nó a cheangal ach amháin tar éis dóibh measúnú iomlán a dhéanamh ar an ngá le coinneáil tuilleadh den sórt sin agus ar a chomhréireacht, agus i gcás ina measann siad go bhfuil údar le coinneáil tuilleadh den sórt sin chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní rachaidh an tréimhse coinneála bhreise sin thar chúig bliana.

3. I gcás ina mbeidh imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh i mBallstát an …*, ar imeachtaí iad a bhaineann le sciúradh amhrasta airgid nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, agus i gcás ina bhfuil faisnéis nó doiciméid a bhaineann leis na himeachtaí sin ar feitheamh i seilbh ag soláthraí seirbhíse íocaíochta, féadfaidh an soláthraí seirbhíse íocaíochta an fhaisnéis sin nó na doiciméid sin a choinneáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ar feadh tréimhse cúig bliana ón …*. Gan dochar don dlí coiriúil náisiúnta maidir le fianaise is infheidhme i ndáil le himscrúduithe coiriúla leanúnacha agus imeachtaí dlíthiúla leanúnacha, féadfaidh na Ballstáit coinneáil faisnéise nó sonraí den sórt sin a cheadú nó a cheangal ar feadh tréimhse bhreise chúig bliana, i gcás inar suíodh gá agus comhréireacht coinneála tuilleadh den sórt sin chun sciúradh amhrasta airgid nó maoiniú amhrasta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

* IO: cuir isteach dáta, le do thoil: an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

# CAIBIDIL IV
# SMACHTBHANNAÍ AGUS FAIREACHÁN

*Airteagal 17*

*Smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin*

1. Gan dochar don cheart chun foráil a dhéanamh do smachtbhannaí coiriúla agus chun iad a fhorchur, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin is infheidhme i leith aon sárú ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na smachtbhannaí agus na bearta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus beidh siad ar aon dul leis na smachtbhannaí a leagtar síos i gcomhréir le Caibidil VI, Roinn 4, de Threoir (AE) 2015/…*.

   Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan rialacha a leagan maidir le smachtbhannaí riaracháin nó bearta riaracháin mar gheall ar shárú ar fhorálacha an Rialacháin seo atá faoi réir smachtbhannaí coiriúla ina ndlí náisiúnta. Sa chás sin, cuirfidh na Ballstáit na forálacha ábhartha sin den dlí choiriúil in iúl don Choimisiún.

2. I gcás ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta, áiritheoidh na Ballstáit i gcás sáraithe ar fhorálacha an Rialacháin seo, go bhféadfar smachtbhannaí nó bearta a chur i bhfeidhm, faoi réir an dlí náisiúnta, ar bhaill an chomhlachta bainistithe agus ar aon duine dlítheanach eile atá freagrach as an sárú, faoin dlí náisiúnta.

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

3. Faoin... * tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do Choiste Comhpháirteach ÚEManna faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do Choiste Comhpháirteach ÚEManna gan mhoill faoi aon leasuithe a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.

4. I gcomhréir le hAirteagal 58(4) de Threoir (AE) 2015/…**, beidh na cumhachtaí maoirseachta agus imscrúdaithe uile is gá chun a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú ag na húdaráis inniúla. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur, rachaidh na húdaráis inniúla i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh an toradh inmhianaithe ar na smachtbhannaí riaracháin sin nó ar na bearta riaracháin sin agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas mar gheall ar na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 18 ar bhain siad tairbhe astu, agus a rinne aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh sin, agus a bhfuil post ceannaireachta aige laistigh den duine dlítheanach atá bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) cumhacht ionadaíocht a dhéanamh ar an duine dlítheanach;

(b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó

(c) údarás chun rialú a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

---

* IO cuir isteach an dáta, le do thoil: 24 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
** IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

6. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh ceann de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 18 a dhéanamh chun leasa an duine dhlítheanaigh sin, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

7. Bainfidh údaráis inniúla leas as a gcuid cumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) trí fheidhm dhíreach;

(b) i gcomhar le húdaráis eile;

(c) trína bhfreagracht a tharmligean d'údaráis eile den sórt sin;

(d) trí iarratas a chur isteach chuig na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

Maidir le feidhmiú a gcumhachtaí chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchur, beidh dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla d'fhonn a áirithiú go mbeidh an toradh inmhianaithe ar na smachtbhannaí riaracháin sin nó ar na bearta riaracháin sin agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú agus iad ag déileáil le cásanna trasteorann.

*Airteagal 18*

*Forálacha sonracha*

Áirtheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a smachtbhannaí riaracháin agus ar a mbearta riaracháin ar a laghad na cinn sin a leagtar síos le hAirteagal 59(2) agus (3) de Threoir (AE) 2015/…*.i gcás na sáruithe seo a leanas ar an Rialachán seo:

(a) mainneachtain arís is arís eile, nó mainneachtain chórasach, de chuid soláthraí seirbhíse íocaíochta chun an fhaisnéis a cheanglaítear faoin íocóir nó faoin íocaí a áireamh, de shárú ar Airteagal 4, Airteagal 5 nó Airteagal 6;

(b) mainneachtain arís is aris eile, mainneachtain chórasach nó mainneachtain thromchúiseach de chuid soláthraí seirbhíse íocaíochta taifid a choinneáil, de shárú ar Airteagal 16;

(c) mainneachtain de chuid soláthraí seirbhíse íocaíochta nósanna imeachta éifeachtacha riosca-bhunaithe a chur chun feidhme, de shárú ar Airteagal 8 nó Airteagal 12;

(d) mainneachtain thromchúiseach de chuid soláthraí seirbhíse íocaíochta idirghabhálach Airteagal 11 nó Airteagal 12 a chomhlíonadh.

*Airteagal 19*

*Smachtbhannaí agus bearta a fhoilsiú*

I gcomhréir le hAirteagal 60(1), (2) agus (3) de Threoir (AE) 2015/……*, déanfaidh na húdaráis inniúla na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin a fhorchuirtear sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 17 agus in Airteagal 18 den Rialachán seo a fhoilsiú gan mhoill mhíchuí, lena n-áirítear faisnéis i ndáil le saghas agus le cineál an tsáraithe agus le céannacht na ndaoine atá freagrach as, más rud é gur gá agus gur comhréireach déanamh amhlaidh tar éis meastóireacht de réir an cháis.

---

* IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

*Airteagal 20*

*Na húdaráis inniúla do chur smachtbhannaí nó bearta i bhfeidhm*

1. Agus cineál na smachtbhannaí riaracháin nó na mbeart riaracháin agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin airgid á gcinneadh acu, cuirfidh na húdaráis inniúla na cúinsí ábhartha ar fad san áireamh, lena n-áirítear na cinn sin a liostaítear in Airteagal 60(4) de Threoir (AE) 2015/…[*],

2. Maidir le smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorchuirtear i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 62 de Threoir (AE) 2015/…*.

*Airteagal 21*

*Sáruithe a thuairisciú*

1. Bunóidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha chun go ndéanfaí tuairisciú sáruithe ar an Rialachán seo chuig na húdaráis inniúla a spreagadh.

   Maidir leis na sásraí sin, áireofar orthu ar a laghad na cinn sin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) de Threoir (AE) 2015/…*.

2. Déanfaidh na soláthraithe seirbhíse íocaíochta, i gcomhar leis na húdaráis inniúla, nósanna imeachta inmheánacha iomchuí a bhunú dá gcuid fostaithe, nó do na daoine a bhfuil post inchomparáide acu, chun sáruithe a thuairisciú go hinmheánach trí bhealach slán, neamhspleách, sonrach agus anaithnid, ar bealach é a bheidh comhréireach le cineál agus méid an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta lena mbaineann.

[*] IO cuir isteach, le do thoil uimhir na treorach a glacadh ar bhonn COD 2013/0025.

*Airteagal 22*

*Faireachán*

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar na húdaráis inniúla faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo, agus na bearta is gá a dhéanamh d'fhonn an comhlíonadh sin a áirithiú agus spreagfaidh siad tuairisiciú chuig na húdaráis inniúla, trí shásraí éifeachtacha, ar sháruithe ar an Rialachán seo.

2. I ndiaidh do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do Choimhchoiste ÚEManna faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 (3), cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Chaibidil IV, agus aird ar leith á díriú ar chásanna trasteorann.

# CAIBIDIL V
# CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 23*

*Nós imeachta coiste*

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón gCoiste um Chosc ar Sciúradh Airgid agus ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta ('an Coiste'). Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# CAIBIDIL VI
# MAOLUITHE

*Airteagal 24*
*Comhaontuithe le tíortha agus le críocha nach cuid de chríoch an Aontais iad*

1. Féadfaidh an Coimisiún údarás a thabhairt d'aon Bhallstát comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír nó le críoch atá lasmuigh de réim feidhme críochach CAE agus CFAE dá dtagraítear in Airteagal 355 CFAE (an 'tír nó an chríoch lena mbaineann'), ar comhaontú é ina bhfuil maoluithe ón Rialachán seo, ionas gur féidir caitheamh le haistrithe cistí idir an tír nó an chríoch sin agus an Ballstát lena mbaineann amhail is gur aistrithe cistí iad laistigh den Bhallstát sin.

Ní fhéadfar comhaontuithe den sórt sin a údarú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo ar fad a leanas:

(a) go roinneann an tír nó an chríoch lena mbaineann aontas airgeadaíochta leis an mBallstát lena mbaineann, go bhfuil sí mar chuid de limistéar airgeadra an Bhallstáit sin nó go bhfuil coinbhinsiún airgeadaíochta sínithe aici leis an Aontas a ndéanann Ballstát ionadaíocht air;

(b) go bhfuil na soláthraithe seirbhíse íocaíochta sa tír nó sa chríoch lena mbaineann rannpháirteach go díreach nó go hindíreach i gcórais íocaíochta agus socraíochta sa Bhallstát sin; agus

(c) go gceanglaíonn an tír nó an chríoch lena mbaineann ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta atá faoina dlínse na rialacha céanna leis na rialacha a bhunaítear faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

2. Ballstát ar mian leis comhaontú dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcrích, seolfaidh sé iarraidh chuig an gCoimisiún agus cuirfidh sé an fhaisnéis ar fad is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh ar fáil dó.

3. Ar an gCoimisiún iarraidh den sórt sin a fháil, caithfear go sealadach le haistrithe cistí idir an Ballstát sin agus an tír nó an chríoch lena mbaineann amhail is gur aistrithe cistí iad laistigh den Bhallstát sin, go dtí go dtiocfar ar chinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

4. Más rud é, laistigh de dhá mhí ón iarraidh a fháil, go measann an Coimisiún nach bhfuil an fhaisnéis ar fad is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh aige, rachaidh sé i dteagmháil leis an mBallstát lena mbaineann agus sonróidh sé an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear.

5. Laistigh de mhí amháin tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ar fad a fháil a mheasann sé is gá chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát iarrthach dá réir sin agus tarchuirfidh sé cóipeanna den iarraidh chuig na Ballstáit eile.

6. Laistigh de thrí mhí ón bhfógra dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a thabhairt, cinnfidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 23(2), an údaróidh sé don Bhallstát lena mbaineann an comhaontú is ábhar don iarraidh a thabhairt i gcrích.

Déanfaidh an Coimisiún, in aon chás, cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh laistigh de 18 mí ón iarraidh a fháil.

7. Faoin …[*], na Ballstáit sin ar údaraíodh dóibh comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tír nó le críoch lena mbaineann de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme 2012/43/AE ón gCoimisiún[1], Chinneadh 2010/259/CÉ ón gCoimisiún[2], Chinneadh 2009/853/CE ón gCoimisiún[3] nó Chinneadh 2008/982/CE ón gCoimisiún[4], cuirfidh siad an fhaisnéis uasdhátaithe ar fáil don Choimisiún is gá chun breithmheas a dhéanamh faoi phointe (c) den dara fomhír de mhír 1.

---

[*] * IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 21 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na treorach arna hoiriúnú ar bhonn COD 2013/0025.

[1] Cinneadh chun feidhme 2012/43/ AE ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2012 lena n-údaraítear do Ríocht na Danmhairge comhaontuithe a thabhairt i gcrích leis an nGraonlainn agus le hoileáin Faró chun go ndéileálfaí le haistrithe cistí idir gach ceann de na críocha sin mar aistrithe laistigh den Danmhairg, de bhun Rialachán (CE) 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 24, 27.1.2012, lch. 12).

[2] Cinneadh 2010/259/CE ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2010 lena n-údaraítear do Phoblacht na Fraince comhaontuithe a thabhairt i gcrích le Prionsacht Mhonacó chun go ndéileálfaí le haistrithe cistí idir Phoblacht na Fraince agus Prionsacht Mhonacó mar aistrithe laistigh de Phoblacht na Fraince, de bhun Rialachán (CE) 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L 112, 5.5.2010, lch. 23).

[3] Cinneadh 2009/853/CE an 26 Samhain 2009 ón gCoimisiún an Bealtaine 2010 lena n-údaraítear do Phoblacht na Fraince comhaontú a thabhairt i gcrích le San Pierre agus Miquelon, Mayotte, An Nua-Chaladóin, Polainéis na Fraince, agus Oileáin Wallis agus Futuna, chun go ndéileálfaí le haistrithe cistí idir an Fhrainc agus gach ceann de na críocha sin mar aistrithe laistigh den Fhrainc, de bhun Rialachán (CE) 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(IO L 312/71, 27.11.2009, lch. 71).

[4] Cinneadh 2008/982/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena n-údaraítear don Ríocht Aontaithe comhaontú a thabhairt i gcrích le Báillcheantar Gheirsí, Báillcheantar Gheansaí agus Manainn chun go ndéileálfaí le haistrithe cistí idir an Ríocht Aontaithe agus na críocha sin mar aistrithe laistigh den Ríocht Aontaithe, de bhun Rialachán (CE) 1781/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L352, 31.12.2008, lch. 34).

Laistigh de thrí mhí ón bhfaisnéis sin a fháil, scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuirfear ar fáil chun a áirithiú go ndéanann an tír nó an chríoch lena mbaineann ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta faoina dhlínse na rialacha céanna agus na rialacha sin a bhunaítear faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Má mheasann an Coimisiún, tar éis an scrúdú sin, nach bhfuil an coinníoll a leagtar síos i bpointe (c) den dara fomhír de mhír 1 á chomhlíonadh a thuilleadh, déanfaidh sé an Cinneadh ábhartha ón gCoimisiún nó an Cinneadh ábhartha Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún a aisghairm.

*Airteagal 25*

*Treoirlínte*

Faoin…[*], déanfaidh na ÚEManna treoirlínte a eisiúint a bheidh dírithe ar na húdaráis inniúla agus ar na soláthraithe seirbhíse íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) 1094/2010, agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, maidir le bearta a bheidh le déanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe maidir le hAirteagal 7, Airteagal 8, Airteagal 11 agus Airteagal 12 a chur chun feidhme.

## CAIBIDIL VII
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 26*

*Rialachán (CEE) Uimh. 1781/2006 a aisghairm*

Aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1781/2006.

[*] IO: cuir isteach, le do thoil, an dáta: 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá san Iarscríbhinn.

*Airteagal 27*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón …*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

* IO: Cuir isteach, le do thoil, an dáta: dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na treorach arna hoiriúnú ar bhonn COD 2013/0025.

**IARSCRÍBHINN**

An Tábla comhghaoil

| Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 2 |
| Airteagal 4 | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 5 | Airteagal 4 |
| Airteagal 6 | Airteagal 5 |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Airteagal 8 | Airteagal 7 |
| Airteagal 9 | Airteagal 8 |
| Airteagal 10 | Airteagal 9 |
| Airteagal 11 | Airteagal 16 |
| Airteagal 12 | Airteagal 10 |
| | Airteagal 11 |
| | Airteagal 12 |
| | Airteagal 13 |
| Airteagal 13 | - |
| Airteagal 14 | Airteagal 15 |
| Airteagal 15 | Airteagail 17 to 22 |
| Airteagal 16 | Airteagal 23 |
| Airteagal 17 | Airteagal 24 |
| Airteagal 18 | - |
| Airteagal 19 | - |
| | Airteagal 26 |
| Airteagal 20 | Airteagal 27 |